RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1276 ÓN gCOMHAIRLE

an 30 Iúil 2021

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2019/1716 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Nicearagua

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1716 ón gComhairle an 14 Deireadh Fómhair 2019 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Nicearagua ([1]), agus go háirithe Airteagal 13(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 14 Deireadh Fómhair 2019, ghlac an Chomhairle Rialachán (CBES) 2019/1716 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Nicearagua.

(2) An 10 Meitheamh 2021, d'eisigh Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ("an tArdionadaí") dearbhú thar ceann an Aontais inar cháin sé gníomhaíochtaí údaráis Nicearagua i gcoinne pháirtithe an fhreasúra, na meán, iriseoirí agus oibrithe eile sna meáin, cosantóirí chearta an duine agus na sochaí sibhialta, lena n-áirítear trí iarrthóirí uachtaránachta agus ceannairí freasúra ionchasacha a choinneáil agus a ghabháil go córasach. Chuir an tArdionadaí in iúl go bhfuil an tAontas faoi réir chun na hionstraimí uile a úsáid i bhfianaise na staide i Nicearagua, lena n-áirítear bearta sriantacha breise a chur i bhfeidhm.

(3) I bhfianaise na staide tromchúisí leanúnaí i Nicearagua, ba cheart ochtar a áireamh i liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir bearta sriantacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1716.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1716 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1716 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 30 Iúil 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
G. DOVŽAN

([1]) IO L 262, 15.10.2019, lch. 1.

Cuirtear na daoine a leanas ar an liosta de dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha, d'eintitis agus de chomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1716:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
"7.	Rosario Maria MURILLO ZAMBRANA Ailias: Rosario Maria MURILLO DE ORTEGA	Post/poist: Leas-Uachtarán Phoblacht Nicearagua (ó 2017), bean chéile an Uachtaráin, Daniel Ortega Dáta breithe: 22 Meitheamh 1951 Áit bhreithe: Managua, Nicaragua Inscne: baineann Náisiúntacht: Nicearaguach Pasuimhir: A00000106 (Nicaragua)	Leas-Uachtarán Nicearagua, Céadbhean Nicearagua agus ceannaire an Sandinista Youth. Dar leis an Uachtarán, Daniel Ortega, roinneann Rosario Maria Murillo Zambrana an leathchuid den chumhacht leis. Bhí ról lárnach aici maidir leis an mbrú faoi chois léirsithe an fheasúra ag Nicaraguan National Police in 2018 a spreagadh agus a dearbhú a thabhairt dó. I Meitheamh 2021, bhagair sí go poiblí freasúra Nicearagua agus chaith sí amhras ar iriseoirí neamhspleácha. Tá sí freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an tsochaí shibhialta, an freasúra daonlathach a bhrú faoi chois agus as an mbonn a bhaint den daonlathas i Nicearagua.	2.8.2021
8.	Gustavo Eduardo PORRAS CORTÉS	Post/poist: Uachtarán National Assembly Phoblacht Nicearagua (ó Eanáir 2017) Dáta breithe: 11 Deireadh Fómhair 1954 Áit bhreithe: Managua, Nicaragua Inscne: fireann Náisiúntacht: Nicearaguach	Uachtarán National Assembly Nicearagua ó Eanáir 2017 agus comhalta den national direction of the Sandinista National Liberation Front (FSLN) ó 1996. Ina phost mar Uachtarán National Assembly Nicearagua, bhí sé freagrach as glacadh roinnt gníomhartha dlí diansmachta a chur chun cinn agus tá freagracht air maidir leis sin, ina measc sin dlí maithiúnais a choisceann aon fhiosrúchán i gcoinne déantóirí sáruithe ollmhóra ar chearta an duine in 2018, agus dlíthe a bhaineann an bonn den tsaoirse agus den phróiseas daonlathach i Nicearagua. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as an tsochaí shibhialta agus an freasúra daonlathach a bhrú faoi chois, agus as an mbonn a bhaint go mór den daonlathas agus den smacht reachta i Nicearagua.	2.8.2021
9.	Juan Antonio VALLE VALLE	Post/poist: Ceannaire sa Nicaraguan National Police Céim: Ginearálta/Coimisinéir Sinsearach Dáta breithe: 4 Bealtaine 1963 Áit bhreithe: Matagalpa, Nicaragua Inscne: fireann Náisiúntacht: Nicearaguach	Ina phost ar chéim choimisinéir sinsearach an Nicaraguan National Police (NNP) agus ina sheasamh tosaigh sa phóilíní in Managua, tá Juan Antonio Valle Valle freagrach as gníomhartha brúidiúlachta na bpóilíní agus as an iomarca fornirt a úsáid arís agus arís eile, dar thoradh básanna na gcéadta sibhialtach, agus tá sé freagrach as gabhálacha agus coinneála treallacha, as sáruithe ar shaoirse cainte agus as léirsithe i gcoinne an rialtais a chosc. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an tsochaí shibhialta agus an freasúra daonlathach i Nicearagua a bhrú faoi chois.	2.8.2021

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
10.	Ana Julia GUIDO OCHOA Ailias: Ana Julia GUIDO DE ROMERO	Post/poist: Ard-Aighne Phoblacht Nicearagua Dáta breithe: 16 Feabhra 1959 Áit bhreithe: Matagalpa, Nicaragua Inscne: baineann Náisiúntacht: Nicearaguach	Ina post mar Ard-Aighne, an státseirbhíseach is airde in Oifig an Ionchúisitheora, tá Ana Julia Guido Ochoa, atá dílis do réimeas Ortega, freagrach as an iliomad agóideoirí agus comhaltaí den fhreasúra polaitiúil a ionchúiseamh ar chúiseanna polaitiúla. Chruthaigh sí sainaonad a rinne líomhaintí i leith agóideoirí agus chuir sí cúisimh ina n-aghaidh. Thairis sin, tá sí freagrach as príomhiarrthóir an fhreasúra a dhícháiliú ó oifig phoiblí do na holltoghcháin. Tá sí freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, as an tsochaí shibhialta agus an freasúra daonlathach a bhrú faoi chois agus as an mbonn a bhaint den smacht reachta i Nicearagua.	2.8.2021
11.	Fidel de Jesús DOMÍNGUEZ ÁLVAREZ	Post/poist: Ceannaire na bpóilíní in Leon, Coimisinéir Ginearálta an National Police Dáta breithe: 21 Márta 1960 Inscne: fireann Náisiúntacht: Nicearaguach	Ina phost mar cheannaire ar na póilíní in Leon ón 23 Lúnasa 2018, tá Fidel de Jesús Domínguez Alvarez freagrach as an iliomad sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, go háirithe as gabhálacha treallacha agus coinneáil, lena n-áirítear baill teaghlaigh an fhreasúra pholaitiúil a fhuadach, úsáid iomarcach fornirt agus sárú ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus ar shaoirse na meán. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an tsochaí shibhialta agus an freasúra daonlathach a bhrú faoi chois.	2.8.2021
12.	Alba Luz RAMOS VANEGAS	Post/poist: Uachtarán Supreme Court of Justice Phoblacht Nicearagua Dáta breithe: 3 Meitheamh 1949 Inscne: baineann Náisiúntacht: Nicearaguach Pasuimhir: A0009864 (Nicaragua)	Ina post mar Uachtarán Supreme Court of Justice Nicearagua, tá sí freagrach as na breithiúna a ionstraimiú ar mhaithe le leasanna réimeas Ortega, trí ghníomhaíochtaí freasúra a choiriúlú go roghnaíoch, trí phatrún na sáruithe ar chearta an phróisis chuí, gabhálacha treallacha, agus dícháiliú páirtithe polaitiúla agus iarrthóirí freasúra a bhuanú. Tá sí freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an tsochaí shibhialta agus an freasúra daonlathach a bhrú faoi chois, agus as an mbonn a bhaint go mór den smacht reachta i Nicearagua.	2.8.2021
13.	Juan Carlos ORTEGA MURILLO	Post/poist: Stiúrthóir Canal 8 agus Difuso Comunicaciones. Ceannaire ar Sandinista Movement an 4 Bealtaine, Mac Uachtarán agus Leas-Uachtarán Phoblacht Nicearagua Dáta breithe: 17 Deireadh Fómhair 1982 Náisiúntacht: Nicearaguach	Mac an Uachtaráin, Daniel Ortega, agus na Chéadmhná agus an Leas-Uachtaráin, Rosario Murillo. Stiúrthóir ar cheann de na príomhstáisiúin teilifíse bolscaireachta, Canal 8, agus ceannaire Sandinista Movement an 4 Bealtaine. Ina phost, chuir sé le srian a chur leis an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus le saoirse na meán. Bhagair sé go poiblí lucht gnó Nicearagua a chuireann i gcoinne réimeas Ortega. Dá bhrí sin, tá sé freagrach as an mbonn a bhaint den daonlathas agus as an tsochaí shibhialta i Nicearagua a bhrú faoi chois. Toisc gur mac an Leas-Uachtaráin Rosario Murillo é, tá baint aige le daoine atá freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus as an tsochaí shibhialta a bhrú faoi chois i Nicearagua.	2.8.2021

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
14.	Bayardo ARCE CASTAÑO	Post/poist: Comhairleoir Eacnamaíoch d'Uachtarán Phoblacht Nicearagua Dáta breithe: 21 Márta 1950 Inscne: fireann Náisiúntacht: Nicearaguach	Ina phost mar Chomhairleoir Eacnamaíoch don Uachtarán, Daniel Ortega, tá tionchar suntasach ag Bayardo Arce Castano ar bheartais réimeas Ortega. Dá bhrí sin, tá baint aige le daoine atá freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine i Nicearagua. Thacaigh sé le forbairt na reachtaíochta lena gcuirtear cosc ar iarrthóirí freasúra páirt a ghlacadh i dtoghcháin. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as an tsochaí shibhialta agus an freasúra daonlathach a bhrú faoi chois.	2.8.2021"